2026/1196

11.6.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1196 ÓN gCOIMISIÚN

## an 5 Meitheamh 2026

## lena mbunaítear liosta comhtháscairí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoi Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí agus lena leasaítear Treoir 2000/43/CE agus Treoir 2004/113/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/1499, leagtar síos íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais. Tá sé beartaithe leis na ceanglais sin feabhas a chur ar éifeachtacht na gcomhlachtaí agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE ([2]), 2000/43/CE ([3]), 2000/78/CE ([4]) agus 2004/113/CE ([5]). ón gComhairle a neartú.

(2) Is gá liosta comhtháscairí a bhunú maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais. Déantar é sin chun soiléireacht a sholáthar maidir leis na sonraí atá le bailiú ar an leibhéal náisiúnta ag na comhlachtaí comhionannais agus le seoladh ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin mar bhonn lena thuarascáil de bhun Airteagal 18(3) de Threoir (AE) 2024/1499. Baineann na táscairí le hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, feidhmiú neamhspleách, inrochtaineacht agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le forbairtí ar a sainordú, ar a gcumhachtaí nó ar a struchtúr.

(3) Tá sé tábhachtach na comhtháscairí a bheith chomh beacht agus chomh mionsonraithe agus is féidir. Déantar é sin chun inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta ar fud an Aontais a áirithiú. Chun bailiú agus tarchur sonraí de réir na dtáscairí a leagtar amach sa Rialachán seo a éascú, ba cheart na Ballstáit agus dá gcomhlachtaí comhionannais a bheith in ann uirlis TF sholáimhsithe arna soláthar ag an gCoimisiún a úsáid lena léirítear na táscairí a leagtar amach sa Rialachán seo i réimsí iontrála sonraí bunachair sonraí.

(4) Rinneadh an liosta táscairí a tharraingt suas i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Dhlí Comhionannais an Aontais a Chur Chun Feidhme, agus tar éis dul i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais.

(5) Ba cheart feidhmiú oibríochtúil na gcomhlachtaí comhionannais le linn na tréimhse tuairiscithe agus an t-aiseolas ó chomhlachtaí comhionannais maidir lena bhfeidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin a chumhdach leis na táscairí. Tá na táscairí cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe uile a liostaítear in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2024/1499. Ba cheart sonraí a bhailiú maidir le bunú náisiúnta agus feidhmiú eagraíochtúil na gcomhlachtaí comhionannais i ngach Ballstát. Leis sin, beifear in ann gach córas náisiúnta a mhapáil agus ceisteanna atá ábhartha do gach leagan amach a roghnú.

([1]) IO L 2024/1499, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj.

([2]) Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1979/7/oj).

([3]) Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/43/oj).

([4]) Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/78/oj).

([5]) Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/113/oj).

(6) Déantar foráil maidir leis an liosta céanna de chomhtháscairí maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear le Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1197 ([7]) ón gCoimisiún.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus thug sé tuairim uaidh an 21 Samhain 2025.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le táscairí ar fheidhmiú comhlachtaí comhionannais, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Threoir (AE) 2024/1499,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Liosta táscairí**

Leagtar amach san Iarscríbhinn liosta na gcomhtháscairí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoi Threoir (AE) 2024/1499, ar ar a mbonn a dhéantar sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais.

Ní áireofar aon sonraí pearsanta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), sna sonraí a bhaileofar ar bhonn na gcomhtháscairí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1197 an 5 Meitheamh 2026 ón gCoimisiún lena mbunaítear liosta comhtháscairí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoi Threoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/1197, 11.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1197/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta táscairí maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais**

CLÁR

*Leathanach*

RÉAMHRÁ AGUS MÍNIÚ ..... 5

1. LEAGAN AMACH NÁISIÚNTA AGUS FEIDHMIÚ EAGRAÍOCHTÚIL NA GCOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS SA BHALLSTÁT ..... 6

*'Struchtúr agus sainordú' (S)*

1. (S1) Struchtúr agus sainordú na gcomhlachtaí arna n-ainmniú chun caighdeáin Threoir (AE) 2024/1499 a chomhlíonadh sa Bhallstát ..... 6

*'Feidhmiú neamhspleách' (IF)*

2. (IF1) Feidhmiú neamhspleách gach comhlachta comhionannais i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2024/1499 ..... 8

*'Acmhainní' (R)*

3. (R1) Sásraí chun leordhóthanacht agus cobhsaíocht acmhainní gach comhlachta comhionannais a áirithiú agus chun iad a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1499 ..... 13

*'Cumhachtaí' (P)*

4. (P1) Cumhachtaí atá ag gach comhlacht comhionannais/inniúil i gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 8, 9, 10 agus 15 de Threoir (AE) 2024/1499 ..... 14

2. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTÚIL NA GCOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE ..... 21

*'Acmhainní' (R)*

5. (R2) Buiséad bliantúil gach comhlachta comhionannais ..... 21

6. (R3) Líon iomlán fostaithe gach comhlachta comhionannais in aghaidh na bliana ..... 22

*'Éifeachtacht' (E)*

7. (E1) Bearta arna nglacadh ag an mBallstát nó ag comhlachtaí comhionannais chun feasacht a mhúscailt maidir le cearta faoi Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE agus maidir le comhlachtaí comhionannais agus a seirbhísí a bheith ann ..... 23

8. (E2) Gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gach comhlacht comhionannais chun idirdhealú a chosc agus cóir chomhionann a chur chun cinn le haghaidh ábhair a thagann faoi Threoir (AE) 2024/1499 ..... 24

9. (E3) Gearáin a láimhseálann gach comhlacht comhionannais in aghaidh na bliana ..... 25

10. (E4) An úsáid a bhaineann gach comhlacht comhionannais/inniúil in aghaidh na bliana as réiteach malartach díospóidí ..... 27

11. (E5) Úsáid fiosrúchán ag gach comhlacht comhionannais/inniúil in aghaidh na bliana ..... 28

12. (E6) Cinntí/tuairimí arna n-eisiúint ag gach comhlacht comhionannais in aghaidh na bliana ..... 29

13. (E7) Raon feidhme agus ábhar na gcinntí/na dtuairimí arna n-eisiúint ag gach comhlacht comhionannais ..... 30

14. (E8) Forfheidhmiú/obair leantach ar na cinntí/tuairimí arna n-eisiúint ag gach comhlacht comhionannais ..... 30

15. (E9) Cásanna cúirte le haghaidh gach comhlachta comhionannais le linn na tréimhse tuairiscithe ..... 31

16. (E10) Cinntí ón gcomhlacht comhionannais a cuireadh isteach le haghaidh athbhreithniú breithiúnach . 33

17. (E11) Suirbhéanna neamhspleácha agus taighde neamhspleách ar idirdhealú arna ndéanamh nó arna gcoimisiúnú ag an gcomhlacht comhionannais ..... 34

18. (E12) Tuarascálacha agus pleanáil straitéiseach gach comhlachta comhionannais ..... 35

*'Inrochtaineacht' (A)*

19. (A1) Inrochtaineacht áitribh, sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí gach comhlachta comhionannais do dhaoine faoi mhíchumas ..... 36

20. (A2) Rochtain ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí gach comhlachta comhionannais ar bhonn comhionann do chách ..... 38

3. AISEOLAS Ó CHOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS MAIDIR LENA BHFEIDHMIÚ I GCOMHRÉIR LEIS NA CAIGHDEÁIN 39

*'Feidhmiú neamhspleách' (IF)*

21. (IF2) Feidhmiú neamhspleách gach comhlachta comhionannais – ionchur an chomhlachta comhionannais ..... 39

*'Acmhainní' (R)*

22. (R4) Leordhóthanacht acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1499 chun go gcomhlíonfaidh gach comhlacht comhionannais a chúraimí uile agus go bhfeidhmeoidh sé a inniúlachtaí uile go héifeachtach – ionchur an chomhlachta comhionannais ..... 40

*'Éifeachtacht' (E)*

23. (E13) Rochtain éifeachtach ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid is gá chun a shuí ar tharla idirdhealú – ionchur an chomhlachta comhionannais ..... 42

24. (E14) Comhairliúchán le gach comhlacht comhionannais agus obair leantach ar a mholtaí ón rialtas agus ó na húdaráis phoiblí ábhartha – ionchur an chomhlachta comhionannais ..... 43

RÉAMHRÁ AGUS MÍNITHE

Is éard atá i ngach táscaire teideal agus tábla bailithe sonraí chun bailiú sonraí inchomparáide, oibiachtúil agus iontaofa a áirithiú ar fud na mBallstát. Cuirfidh an Coimisiún córas faisnéise so-úsáidte ar líne ar fáil ar bhonn na hiarscríbhinne seo. Beifear in ann na ceisteanna a bhaineann leis an bhfreagróir a roghnú ar bhealach spriocdhírithe agus tabharfar soiléirithe agus mínithe de réir mar is gá. Ní thaispeánfar na réimsí a bhfuil * leo faoi láthair ach amháin nuair a bhaineann siad leis an leagan amach náisiúnta nó nuair a chuirfidh siad ar a gcumas do na freagróirí rogha a dhéanamh idir freagraí réamhshainithe nó saorthéacs.

(1) Struchtúr an liosta, minicíocht an bhailithe sonraí agus eintitis tuairiscithe

Leis na táscairí i gcuid I, LEAGAN AMACH NÁISIÚNTA AGUS FEIDHMIÚ EAGRAÍOCHTÚIL NA gCOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS SA BHALLSTÁT, cumhdaítear struchtúr agus sainordú, feidhmiú neamhspleách, acmhainní agus cumhachtaí na gcomhlachtaí comhionannais agus bunaítear leo bunlíne le haghaidh bhunú náisiúnta na gcomhlachtaí comhionannais. Tá na sonraí sin le soláthar ag na Ballstáit faoin 19 Meitheamh 2031, mar a leagtar síos in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2024/1499. Ní bheidh gá leis na sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta le linn cleachtaí tuairiscithe ina dhiaidh sin ach amháin má thagann athruithe ar bhunú náisiúnta agus ar fheidhmiú eagraíochtúil na gcomhlachtaí comhionannais.

Na táscairí i gcuid II. LE FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTÚIL NA gCOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS THAR AN TRÉIMHSE TUAIRISCITHE cumhdaítear acmhainní, éifeachtacht agus inrochtaineacht na gcomhlachtaí comhionannais. Tá na Ballstáit leis na sonraí sin a sholáthar faoin 19 Meitheamh 2031 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2024/1499, ar bhonn na sonraí arna mbailiú ag comhlachtaí comhionannais le haghaidh a staidrimh agus a dtuarascálacha náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 16(1) agus 17 pointí (b) agus (c) de Threoir (AE) 2024/1499.

Na táscairí i gcuid III. LE hAISEOLAS Ó CHOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS MAIDIR LENA BHFEIDHMIÚ DE RÉIR NA gCAIGHDEÁN, cumhdaítear ionchur na gcomhlachtaí comhionannais féin maidir lena bhfeidhmiú neamhspleách, lena n-acmhainní agus lena n-éifeachtacht. Tá na sonraí sin le soláthar faoin 19 Meitheamh 2031 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2024/1499.

Chun inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhailítear a áirithiú, ba cheart na táscairí uile a thagraíonn do thréimhsí a thomhaistear i mblianta a thuiscint mar tháscairí lena dtagraítear do bhlianta féilire.

(2) Raon feidhme na sonraí

Cumhdaítear leis an liosta táscairí ábhair a thagann faoi Threoir (AE) 2024/1499. Déantar foráil maidir leis an liosta céanna táscairí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1197 ón gCoimisiún chun ábhair a thagann faoi Threoir (AE) 2024/1500 a chumhdach.

I gcás inar cuid de chomhlachtaí il-sainorduithe iad comhlachtaí comhionannais agus/nó ina bhfuil siad freagrach as forais agus réimsí nach gcumhdaítear le Treoracha (AE) 2024/1499 nó (AE) 2024/1500, ní thagraítear leis na táscairí ach do shonraí a bhaineann lena sainordú faoi na Treoracha sin (nó neastachán air sin).

1. LEAGAN AMACH NÁISIÚNTA AGUS FEIDHMIÚ EAGRAÍOCHTÚIL NA GCOMHLACHTAÍ COMHIONANNAIS SA BHALLSTÁT

*'Struchtúr agus sainordú' (S)*

1. (S1) Struchtúr agus sainordú na gcomhlachtaí arna n-ainmniú chun caighdeáin Threoir (AE) 2024/1499 a chomhlíonadh sa Bhallstát

| | |
|---|---|
| Gné/raon feidhme | Struchtúr, cumhachtaí agus sainordú |
| Cuspóir/réasúnaíocht | Tuairisciú ar struchtúr foriomlán na gcomhlachtaí comhionannais ar chríoch an Bhallstáit trí mhapáil a dhéanamh ar na comhlachtaí a fheidhmíonn na cumhachtaí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/1499 agus ar shainordú gach comhlachta i dtéarmaí inniúlachtaí, foras agus réimsí (i gcomhréir le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2024/1499) |
| An bhliain faisnéise | An staid tráth an chleachtaidh tuairiscithe |

**S1A –** *Liostaigh na comhlachtaí comhionannais uile i do thír a fheidhmíonn cumhachtaí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/1499.*

| | Comhlachtaí Comhionannais i [TÍR] | An comhlacht il-sainorduithe é sin? | An bhfuil bord rialaithe ann? | Líon na n-oifigí áitiúla | An comhlacht neamhspleách réigiúnach nó áitiúil é seo? |
|---|---|---|---|---|---|
| S1A_1 | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | ☐ | ☐ | [UIMHIR] | ☐ |
| S1A_2 | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | ☐ | ☐ | [UIMHIR] | ☐ |
| S1A_3 | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | ☐ | ☐ | [UIMHIR] | ☐ |
| Soiléirithe | | — Tagraíonn comhlachtaí il-sainorduithe do chomhlachtaí a fheidhmíonn sainordú comhionannais in éineacht le sainorduithe eile (e.g. ombudóir nó institiúid náisiúnta um chearta an duine). | | | |

**S1B –** *I gcás gach comhlachta comhionannais, sonraigh a inniúlachtaí/cumhachtaí.*

| | | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| Cosc agus Cur Chun Cinn | S1B_1 | Idirdhealú a chosc agus cóir chomhionann a chur chun cinn | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_2 | Comhairliúchán | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_3 | Moltaí | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| Cúnamh d'íospartaigh | S1B_4 | An cumas gearáin a fháil agus a láimhseáil | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_5 | Réiteach malartach díospóide | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_6 | Fiosrúcháin | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_7 | Tuairimí neamhcheangailteacha a eisiúint | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_8 | Cinntí ceangailteacha a eisiúint | ☐ | ☐ | ☐ |
| | S1B_9 | Dlíthíocht | ☐ | ☐ | ☐ |
| Soiléirithe | — Comhfhreagraíonn na hinniúlachtaí/cumhachtaí dá dtagraítear sa tábla seo do na hinniúlachtaí/cumhachtaí a chumhdaítear le hAirteagail 5 go 10 agus le hAirteagal 15 de Threoir (AE) 2024/1499. *I gcás nach bhfuil inniúlacht/cumhacht ag comhlacht comhionannais ach amháin i ndáil le forais agus réimsí áirithe faoina shainordú, cuir tic sa bhosca agus léirigh an leagan amach sonrach faoi 'S1_COMMENTS'.* | | | | |

**S1C*** – *I gcás inarb infheidhme, liostaigh na 'comhlachtaí inniúla eile' uile i do thír a bhfuil cumhachtaí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/1499 curtha ar a n-iontaoibh.*

| Comhlachtaí inniúla eile | | Inniúlachtaí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Réiteach malartach díospóide | Fiosrúcháin | Eile | *Más é 'Eile' atá i gceist, sonraigh.* |
| S1C_1 | [Ainm an Chomhlachta Inniúil] | ☐ | ☐ | ☐ | [TÉACS] |
| S1C_2 | [Ainm an Chomhlachta Inniúil] | ☐ | ☐ | ☐ | [TÉACS] |
| Soiléirithe | — Tagraíonn comhlachtaí inniúla eile do na comhlachtaí inniúla cé is moite de chomhlachtaí comhionannais a bhfuil cumhachtaí um réiteach malartach díospóidí nó cumhachtaí fiosrúcháin acu de réir bhrí agus raon feidhme Airteagail 7 agus 8 de Threoir (AE) 2024/1499. | | | | |

**S1D** – *I gcás gach comhlachta comhionannais/inniúil, sonraigh na forais agus na réimsí a chumhdaíonn sé, agus cé acu a chumhdaíonn nó nach gcumhdaíonn sé iad uile i ndáil leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil phoiblí araon.*

| [Ainm an Chomhlachta Inniúil/ Comhionannais] | An gcumhdaíonn an comhlacht comhionannais sin an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon le haghaidh na bhforas agus na réimsí uile a bhfuil sé freagrach astu? (más é 'Ní chumhdaíonn' an freagra i gcás foras nó réimsí áirithe ar a laghad, ní mór dhá thábla ar leith a líonadh isteach, ceann don earnáil phoiblí agus ceann don earnáil phríobháideach) | Cumhdaíonn/Ní chumhdaíonn |
|---|---|---|

| | | Fostaíocht agus slí bheatha | Oideachas | Rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal | Tithíocht | Cosaint shóisialta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| S1D_1 | Gnéas | - | - | ☐ | ☐ | ☐ |
| S1D_2 | Tionscnamh ciníoch nó eitneach | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| S1D_3 | Míchumas | ☐ | - | - | - | - |
| S1D_4 | Aois | ☐ | - | - | - | - |
| S1D_5 | Reiligiún nó creideamh | ☐ | - | - | - | - |
| S1D_6 | Treoshuíomh gnéasach | ☐ | - | - | - | - |
| S1D_7 | Forais agus/nó réimsí eile a chumhdaítear* | ☐ | | | | |
| S1D_8 | *Sonraigh** | [TÉACS] | | | | |
| Soiléirithe | | — Tagraíonn an earnáil phoiblí do ghníomhaíochtaí agus d'eintitis atá mar chuid den stát, den rialtas agus/nó den riarachán poiblí nó atá cleamhnaithe leo. Tagraíonn an earnáil phríobháideach do ghníomhaíochtaí agus d'eintitis nach bhfuil faoi rialú an stáit.<br>— Faoi dhlí an Aontais, ní gá gach foras a chumhdach i ngach réimse. Níor cheart ach ceanglais faoi dhlí an Aontais a chumhdach sna freagraí. *I gcás ina gcumhdaíonn an comhlacht comhionannais níos mó foras agus réimsí, go háirithe i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha toisc go bhfuil dí-chomhiomlánú iomlán sonraí dúshlánach, léirigh na forais agus na réimsí breise a chumhdaítear faoi S1D_8 agus léirigh conas a d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do bhailiú sonraí faoi 'S1_COMMENTS'.* | | | | |

| **S1E – An gcumhdaíonn na comhlachtaí atá liostaithe thuas an méid seo a leanas i dteannta a chéile:**<br>na hinniúlachtaí agus na cúraimí uile,<br>le haghaidh na bhforas agus na réimsí uile a chumhdaítear le Treoir (AE) 2024/1499,<br>a mhéid a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon,<br>ar fud chríoch iomlán an Bhallstáit? | Cumhdaíonn/Ní chumhdaíonn |
|---|---|
| S1E_1* Más 'Ní chumhdaíonn' an freagra, tabhair míniú. | [TÉACS] |

| | | |
|---|---|---|
| S1_COMMENTS | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | [TÉACS] |

*'Feidhmiú neamhspleách' (IF)*

2. (IF1) Feidhmiú neamhspleách gach comhlachta comhionannais i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2024/1499

| Gné/raon feidhme | Feidhmiú neamhspleách |
|---|---|


ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1196/oj

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Tuairisciú ar neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais (i gcomhréir le hAirteagal 3 agus aithrisí 18 go 20 de Threoir (AE) 2024/1499 á gcur san áireamh) |
| An bhliain faisnéise | An staid tráth an chleachtaidh tuairiscithe |

**IF1A** – *Saoirse ó thionchar seachtrach*

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Tuairisciú ar neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais (i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus aithris 18 de Threoir (AE) 2024/1499) |

*I gcás gach comhlachta comhionannais, tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithítear a neamhspleáchas i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2024/1499.*

| | | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| Neamhspleáchas i bhforálacha dlíthiúla | IF1A_1* | Déantar foráil maidir le neamhspleáchas i mbunreacht an Bhallstáit. | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_2* | Déantar foráil maidir le neamhspleáchas sa dlí náisiúnta. | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_3* | Déantar foráil maidir le neamhspleáchas i dtéacs dlíthiúil eile. | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_4_TEXT* | Nasc chuig an mbunús dlí nó tagairt dó | [TÉACS] / [HIPEARNASC] | [TÉACS] / [HIPEARNASC] | [TÉACS] / [HIPEARNASC] |
| | IF1A_5 | Tá an comhlacht comhionannais mar chuid d'aireacht. | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| | IF1A_6 | Tá an comhlacht comhionannais mar chuid d'eintiteas eile. | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| | IF1A_7_TEXT | Cén aireacht nó eintiteas a bhfuil an comhlacht comhionannais mar chuid di agus conas a áirithítear a neamhspleáchas go dlíthiúil? | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |

| | | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| Cuntasacht | IF1A_8 | An bhfuil sásraí cuntasachta (dlíthiúla, oibríochtúla, airgeadais, eile) i bhfeidhm? | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| | IF1A_9 | Sonraigh na sásraí cuntasachta *atá i bhfeidhm, an té a bhfuil an comhlacht comhionannais nó a cheannaireacht cuntasach dóibh agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na sásraí cuntasachta*. | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| | IF1A_9A* | Aireacht | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_9B* | Rialtas | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_9C* | Parlaimint | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_9D* | Údarás réigiúnach/áitiúil | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_9E* | An Chúirt Iniúchóirí | ☐ | ☐ | ☐ |
| | IF1A_9F* | Eile | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| Acmhainní a bhainistiú | IF1A_10 | Is féidir leis an gcomhlacht comhionannais féin a acmhainní airgeadais a bhainistiú. | Is féidir/Go páirteach/Ní féidir | Is féidir/Go páirteach/Ní féidir | Is féidir/Go páirteach/Ní féidir |
| | IF1A_11 | Tá sé de chumhacht ag an gcomhlacht comhionannais féin a fhoireann a roghnú agus a bhainistiú. | Tá/Go páirteach/Níl | Tá/Go páirteach/Níl | Tá/Go páirteach/Níl |
| IF1A_ COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát*. | | [TÉACS] | | |
| Soiléirithe | — Tagraíonn 'ceannaireacht' an chomhlachta comhionannais do bhaill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu agus, i gcás inarb infheidhme, comhaltaí den bhord rialaithe.<br>— Tagraíonn 'foireann' do dhaoine atá fostaithe ag an gcomhlacht (nó b'fhéidir ag a thuismitheoir i gcás comhlacht laistigh d'aireacht), gan beann ar an gcineál conartha (sealadach nó buan). Cumhdaítear le 'baill foirne a bhainistiú', go háirithe, cuspóirí a leagan síos, cúraimí a shannadh, measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na mball foirne. Ag brath ar an leagan amach náisiúnta, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an comhlacht comhionannais in ann líon iomlán na n-uaireanta oibre, an aois scoir, etc. a bhainistiú.<br>— Le IF1A_6 ní thagraítear do chásanna inar cuid de chomhlacht il-sainorduithe é an comhlacht comhionannais (freagair 'níl' i gcás inar cuid de chomhlacht il-sainorduithe neamhspleách é an comhlacht comhionannais). | | | |

| **IF1B –** Roghnú, ceapadh, cúlghairm agus coinbhleachtaí leasa féideartha na ceannaireachta | |
|---|---|
| Cuspóir/ réasúnaíocht | Mapáil a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun baill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu, agus, i gcás inarb infheidhme, comhaltaí den bhord rialaithe, a roghnú, a cheapadh, a chúlghairm agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leo, chun a n-inniúlacht agus a neamhspleáchas a ráthú (i gcomhréir le hAirteagal 3 agus aithris 18 de Threoir (AE) 2024/1499 á cur san áireamh) |

*I gcás gach comhlachta comhionannais, léirigh conas a áirithítear neamhspleáchas agus inniúlacht na mball foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu nó na gcomhaltaí boird*

| | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| IF1B_1 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm chun baill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu a roghnú agus a cheapadh. | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| IF1B_2 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm chun comhaltaí boird a roghnú agus a cheapadh. | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar |
| IF1B_3 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm chun na baill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu a chúlghairm. | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| IF1B_4 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm chun comhaltaí boird a chúlghairm. | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar |
| IF1B_5 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le baill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu. | Tá/Níl | Tá/Níl | Tá/Níl |
| IF1B_6 | Tá nósanna imeachta trédhearcacha i bhfeidhm maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le comhaltaí boird. | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar | Tá / Níl / Ní bhaineann le hábhar |
| IF1B_7* | Conas a áirithítear neamhspleáchas agus inniúlacht na mball foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu? | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| IF1B_7A* | Dioplóma ábhartha iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_7B* | Taithí ghairmiúil ábhartha iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| IF1B_7C* | Taithí ábhartha ar bhainistíocht iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_7D* | Oiliúint shonrach iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_7E* | Oiliúint shonrach curtha ar fáil | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_7F* | Gníomhaithe éagsúla (rialtas, parlaimint, an tsochaí shibhialta, etc.) a bhfuil baint acu leis an nós imeachta roghnúcháin | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8* | Conas a áirithítear neamhspleáchas agus inniúlacht chomhaltaí an bhoird? (más infheidhme) | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| IF1B_8A* | Dioplóma ábhartha iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8B* | Taithí ghairmiúil ábhartha iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8C* | Taithí ábhartha ar bhainistíocht iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8D* | Oiliúint shonrach iarrtha | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8E* | Oiliúint shonrach curtha ar fáil | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_8F* | Gníomhaithe éagsúla (rialtas, parlaimint, an tsochaí shibhialta, etc.) a bhfuil baint acu leis an nós imeachta roghnúcháin | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1B_ COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | | [TÉACS] | |
| Soiléirithe | — Baill foirne a bhfuil poist chinnteoireachta nó bhainistíochta acu, tagraítear dóibh in aithris 18 de Threoir (AE) 2024/1499 mar cheann nó leascheann an chomhlachta comhionannais, mar shampla. I gcomhlacht il-sainorduithe, d'fhéadfadh an duine nó na daoine atá i gceannas ar an sainordú comhionannais a bheith i gceist leo.<br>— Ceapann roinnt comhlachtaí comhionannais bord rialaithe. Is grúpa daoine é seo atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an chomhlachta comhionannais agus as príomhchinntí straitéiseacha a dhéanamh.<br>— Chun a bheith trédhearcach, ní mór nósanna imeachta a bhunú i scríbhinn agus a chur in iúl go poiblí roimh an bpróiseas earcaíochta.<br>— Tagraíonn coinbhleacht leasa do chás ina bhfuil baint ag duine le leasanna iomadúla – leasanna airgeadais, pearsanta nó gairmiúla – a d'fhéadfadh cur isteach ar a neamhspleáchas nó ar a chumas cinntí neamhchlaonta a dhéanamh. | | | |

**IF1C** – Feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais i gcomhlacht il-sainorduithe

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Na sásraí atá i bhfeidhm a mhapáil chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an sainordú comhionannais go héifeachtach laistigh de chomhlacht il-sainorduithe (i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2024/1499) |

*I gcás gach comhlachta comhionannais ar cuid de chomhlacht il-sainorduithe é, tabhair tuairisc ar an gcaoi a ráthaíonn struchtúr inmheánach an chomhlachta feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais.*

| | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | | [Ainm an Chomhlachta Comhionan-nais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionan-nais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionan-nais] |
| IF1C_1* | Foireann thiomnaithe don sainordú comhionannais | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1C_2* | Foirne/ranna tiomnaithe don sainordú comhionannais | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1C_3* | Ceannaireacht thiomnaithe don sainordú comhionannais | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1C_4* | Nósanna imeachta nó rialacha sonracha chun feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais a áirithiú | ☐ | ☐ | ☐ |
| IF1C_5* | *Tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithítear feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais laistigh de chomhlacht il-sainorduithe* | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| IF1C_ COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | | [TÉACS] | |
| Soiléirithe | — Tuigtear gurb é atá i bhfeidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais i gcomhlacht il-sainorduithe an cumas atá ag an gcomhlacht a chúraimí uile a chomhlíonadh go héifeachtach agus a inniúlachtaí uile a bhaineann leis an sainordú comhionannais a fheidhmiú, mar a thuairiscítear i dTreoir (AE) 2024/1499. | | | |

3. (R1) Sásraí chun leordhóthanacht agus cobhsaíocht acmhainní gach comhlachta comhionannais a áirithiú agus chun iad a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1499

| | |
|---|---|
| Gné/raon feidhme | Acmhainní |
| Cuspóir/réasúnaíocht | Mapáil a dhéanamh ar na sásraí chun leordhóthanacht agus cobhsaíocht acmhainní gach comhlachta comhionannais a áirithiú agus chun iad a choigeartú (i gcomhréir le hAirteagal 4 agus aithrisí 21 agus 22 de Threoir (AE) 2024/1499 á gcur san áireamh) |
| An bhliain faisnéise | An staid tráth an chleachtaidh tuairiscithe |

*I gcás gach comhlachta comhionannais, tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithítear leordhóthanacht agus cobhsaíocht acmhainní gach comhlachta comhionannais, agus ar an gcaoi a gcoigeartaítear iad (i gcomhréir le hAirteagal 4 agus aithrisí 21 agus 22 de Threoir (AE) 2024/1499 á gcur san áireamh).*

| | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| R1_1* | Téitear i gcomhairle leis an gcomhlacht comhionannais maidir leis na hacmhainní a leithdháiltear air roimh an nós imeachta buiséadach nó lena linn. | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_2* | Measúnú bliantúil bunaithe ar riachtanais | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_3* | Leithdháileadh an bhuiséid de réir dlí | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_4* | Rialacha maidir leis an bpróiseas athchaibidlíochta sa dlí | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_5* | Pleanáil bhuiséadach ilbhliantúil | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_6* | Innéacsú bliantúil | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_7* | Coigeartú i gcás cúraimí/inniúlachtaí nua | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_8* | Cúlchiste lánroghnach chun riachtanais eisceachtúla a chumhdach | ☐ | ☐ | ☐ |
| R1_9 | *Tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithítear leordhóthanacht agus cobhsaíocht acmhainní gach comhlachta comhionannais, agus ar an gcaoi a ndéantar iad a choigeartú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1499 i do Bhallstát.* | [TÉACS] | [TÉACS] | [TÉACS] |
| R1_COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | [TÉACS] | | |
| Soiléirithe | — Tuigtear acmhainní anseo mar acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla. Tagraíonn acmhainní airgeadais don airgead a leithdháiltear sa bhuiséad, agus é miondealaithe de ghnáth ina cheannteidil bhuiséid. Cuimsíonn acmhainní teicniúla an trealamh, an t-áitreabh agus na fóntais. Tagraíonn acmhainní daonna don fhoireann a leithdháiltear ar an gcomhlacht comhionannais.<br>— Díorthaítear na samplaí a liostaítear ó chleachtais a forbraíodh i roinnt Ballstát (rialacha dlíthiúla nó cleachtais sheanbhunaithe). Roghnaigh aon cheann is infheidhme i do Bhallstát agus/nó tabhair aon mhíniú is gá sa bhosca téacs. | | | |

4. (P1) Cumhachtaí gach comhlachta comhionannais/inniúil i gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 8, 9, 10 agus 15 de Threoir (AE) 2024/1499

| Gné/raon feidhme | Cumhachtaí |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Cumhachtaí gach comhlachta comhionannais/inniúil a láimhseálann gearáin faoi idirdhealú a mhapáil (i gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 8, 9, 10 agus 15 de Threoir (AE) 2024/1499) |
| An bhliain faisnéise | An staid tráth an chleachtaidh tuairiscithe |

**P1A** – *Cúnamh d'íospartaigh / gearáin a láimhseáil*

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Tuairisc ar an nós imeachta atá i bhfeidhm chun gearáin a láimhseáil i ngach comhlacht comhionannais i gcomhréir leis na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 6(2), (3) agus (4) de Threoir (AE) 2024/1499, maidir le cúnamh d'íospartaigh |

*I gcás gach comhlachta comhionannais, léirigh cé acu atá nó nach bhfuil na céimeanna seo a leanas san áireamh agus gearáin á láimhseáil:*

| | | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] | [Ainm an Chomhlachta Comhionannais] |
| P1A_1 | An gearán a fháil | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_2 | Na híospartaigh a chur ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear comhairle atá dírithe ar a gcás sonrach | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_3 | Na híospartaigh a chur ar an eolas faoi na seirbhísí a chuireann an comhlacht comhionannais ar fáil agus faoi ghnéithe nós imeachta gaolmhara | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_4 | Na híospartaigh a chur ar an eolas faoi na leigheasanna atá ar fáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht an cás a shaothrú os comhair na gcúirteanna | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_5 | Na híospartaigh a chur ar an eolas faoi na rialacha rúndachta is infheidhme agus faoi chosaint sonraí pearsanta | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_6 | Na híospartaigh a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht tacaíocht shíceolaíoch nó cineálacha eile tacaíochta ábhartha a fháil ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí eile, i gcás inarb ábhartha | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_7 | Na gearánaigh a chur ar an eolas faoi cé acu a dhúnfar nó nach ndúnfar an gearán nó faoi cé acu atá nó nach bhfuil forais ann chun leanúint leis a thuilleadh | ☐ | ☐ | ☐ |
| P1A_COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | [TÉACS] | | |
| Soiléirithe | — Tagraíonn 'gearán' d'aon aighneacht ina bhfuil líomhain idirdhealaithe. | | | |

**P1B** – Réiteach malartach díospóidí

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | An cineál réitigh mhalartaigh díospóide arna sholáthar ag gach comhlacht comhionannais/inniúil a mhapáil (i gcomhréir le hAirteagal 7 agus aithris 26 de Threoir 2024/1499 á cur san áireamh) |

**P1B_1** – *I gcás gach comhlachta comhionannais/inniúil a dhéanann réiteach malartach díospóidí, sonraigh cén cineál réitigh mhalartaigh díospóidí a sholáthraítear.*
*I gcás ina bhfuil na cumhachtaí sin ag comhlacht inniúil eile, tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithítear go bhfuil an duine nó na daoine atá i gceannas ar an bpróiseas réitigh neamhspleách, neamhchlaonta agus go bhfuil an saineolas is gá acu (lena n-áirítear in ábhair nach mbaineann le hidirdhealú).*

| | | |
|---|---|---|
| | [TÉACS] | |
| P1B_COMMENTS* | *Tabhair aon mheiteashonraí ábhartha, tabhair tuairisc ar aon dúshlán a bhaineann le freagra a thabhairt ar an gceist nó tabhair mínithe nó faisnéis bhreise, go háirithe maidir leis an gcás sonrach sa Bhallstát.* | [TÉACS] |
| Soiléirithe | — Tagraítear in Aithris 26 de Threoir (AE) 2024/1499 do réiteach tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt ar dhíospóidí. I measc na samplaí de shásraí um réiteach malartach díospóidí den sórt sin tá idir-réiteach agus idirghabháil, ach níl siad teoranta dóibh sin amháin. | |

**P1C** – Rochtain ar fhaisnéis trí fhiosrúcháin

| | |
|---|---|
| Cuspóir/réasúnaíocht | Tuairisc a thabhairt ar an gcreat lena gceadaítear do gach comhlacht comhionannais agus/nó do gach comhlacht inniúil eile rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid is gá chun a shuí ar tharla idirdhealú (i gcomhréir le hAirteagal 8 agus aithris 28 de Threoir (AE) 2024/1499 á cur san áireamh) |

*Tabhair tuairisc ar an gcreat a cuireadh i bhfeidhm i do Bhallstát chun ligean don chomhlacht aimsiú fíoras a dhéanamh agus chun a áirithiú go bhfuil cearta éifeachtacha aige chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid is gá chun a shuí ar tharla idirdhealú.*

